2023/2799

12.12.2023

**CINNEADH (CBES) 2023/2799 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 11 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1775 ([1]).

(2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2208 ([2]), lenar bunaíodh creat nua lena ndéantar foráil do bhearta sriantacha breise a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí i mbaol, nó a bhí comhpháirteach go díreach nó go hindíreach sna gníomhaíochtaí nó beartais sin, nó as bac a chur ar chur i gcrích rathúil aistriú polaitiúil Mhailí nó an bonn a bhaint de chur i gcrích rathúil an aistrithe pholaitiúil sin.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Airteagail 1a(1) agus 2a(1) agus (2) de Chinneadh (CBES) 2017/1775, ba cheart na bearta sin a athnuachan go dtí an 14 Nollaig 2024 agus ba cheart na cúiseanna sna hiontrálacha le haghaidh beirt a áirítear ar liostaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú agus ba cheart an iontráil le haghaidh duine amháin a bhaint den Iarscríbhinn sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

(1) In Airteagal 6(2), sa chéad abairt, cuirtear 'an 14 Nollaig 2024' in ionad 'an 14 Nollaig 2023';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/2208 an 13 Nollaig 2021 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 mar a leanas:

(1) Leasaítear Roinn A (Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 1a(1)) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 3 agus 4:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘3. | MAÏGA, Choguel | Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí<br><br>Dáta breithe: an 31.12.1958<br><br>Náisiúntacht: Mailíoch<br><br>Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d’eisigh Mailí, víosa Schengen eisithe chuige<br><br>Inscne: fireann<br><br>Post: An Príomh-Aire | Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthréimhseach Mhailí a bunaíodh tar éis *coup* an 24 Bealtaine 2021.<br><br>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d’fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na gComhairliúchán Náisiúnta um an Athbhunú (*Assises nationales de la refondation*, ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d’eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.<br><br>Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d’fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Mar thoradh ar amchlár athbhreithnithe a tíolacadh i mí an Mheithimh 2022, inar foráladh go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, d’fhógair an Rialtas Idirthréimhseach an 21 Meán Fómhair 2023 go gcuirfí na toghcháin siar arís.<br><br>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseacha (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus ar chur i gcrích aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseach úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil. | 4.2.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin. | |
| 4. | MAÏGA, Ibrahim Ikassa | Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí<br><br>Dáta breithe: 5.2.1971<br><br>Náisiúntacht: Mailíoch<br><br>Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí<br><br>Inscne: fireann<br><br>Post: An tAire um an Athbhunú | Is comhalta de choiste straitéiseach M5-RFP é Ibrahim Ikassa Maïga (*Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita.<br><br>Mar an tAire um an Athbhunú ó mhí an Mheithimh 2021 i leith, bhí Ibrahim Ikassa Maïga freagrach as na Comhairliúcháin Náisiúnta um an Athbhunú (*Assises nationales de la Refondation*, ANR), a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga, a phleanáil.<br><br>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar an amchlár le haghaidh athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.<br><br>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Mar thoradh ar amchlár athbhreithnithe a tíolacadh i mí an Mheithimh 2022, inar foráladh go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, d'fhógair an Rialtas um an Aistriú an 21 Meán Fómhair 2023 go gcuirfí na toghcháin siar arís. | 4.2.2022': |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseacha (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus ar chur i gcrích aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseach úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.<br><br>Ina cháil mar an tAire um an Athbhunú, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin | |

(b) scriostar iontráil 5.

(2) Leasaítear Roinn B (Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, de na heintitis nó de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2a (1)) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 3 agus 4:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '3. | MAÏGA, Choguel | Áit bhreithe: Tabango, Gao, Mailí<br><br>Dáta breithe: An 31.12.1958<br><br>Náisiúntacht: Mailíoch<br><br>Pasuimhir: pas taidhleoireachta DA0004473, a d'eisigh Mailí, víosa Schengen eisithe chuige<br><br>Inscne: fireann<br><br>Post: An Príomh-Aire | Agus é ina Phríomh-Aire ó mhí an Mheithimh 2021, is é Choguel Maïga atá i gceannas ar Rialtas Idirthréimhseach Mhailí a bunaíodh tar éis *coup* an 24 Bealtaine 2021.<br><br>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar amchlár an athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh roimhe seo le ECOWAS i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair sé i mí an Mheithimh 2021 atheagrú na gComhairliúchán Náisiúnta um an Athbhunú (*Assises nationales de la refondation*, ANRanna) mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022. | 4.2.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta, mar a d'fhógair Choguel Maïga é féin, agus cuireadh moill ar na toghcháin ansin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Mar thoradh ar amchlár athbhreithnithe a tíolacadh i mí an Mheithimh 2022, inar foráladh go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach an 21 Meán Fómhair 2023 go gcuirfí na toghcháin siar arís.<br><br>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseacha (lena n-áirítear Choguel Maïga) i mí na Samhna 2021 mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus ar chur i gcrích aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseacha úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.<br><br>Ina cháil mar Phríomh-Aire, tá Choguel Maïga freagrach go díreach as na toghcháin dá bhforáiltear sa Chairt Idirthréimhseach a chur siar, agus dá bhrí sin, tá bac á chur aige ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 4. | MAÏGA, Ibrahim Ikassa | Áit bhreithe: Tondibi, réigiún Gao, Mailí<br><br>Dáta breithe: 5. 2. 1971<br><br>Náisiúntacht: Mailíoch<br><br>Pasuimhir: pas taidhleoireachta a d'eisigh Mailí<br><br>Inscne: fireann<br><br>Post: An tAire um an Athbhunú | Is comhalta de choiste straitéiseach M5-RFP é Ibrahim Ikassa Maïga (*Mouvement du 5 juin - Rassemblement des forces patriotiques*), a raibh ról lárnach aige i dtreascairt an Uachtaráin Keita.<br><br>Mar an tAire um an Athbhunú ó mhí an Mheithimh 2021 i leith, bhí Ibrahim Ikassa Maïga freagrach as na Comhairliúcháin Náisiúnta um an Athbhunú (*Assises nationales de la Refondation*, ANR), a d'fhógair an Príomh-Aire Choguel Maïga, a phleanáil.<br><br>Agus é ag gníomhú ar bhealach a tháinig salach ar an amchlár le haghaidh athchóirithe agus na dtoghchán a comhaontaíodh le ECOWAS roimhe seo i gcomhréir leis an gCairt Idirthréimhseach, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach na ANRanna mar phróiseas réamh-athchóiriúcháin agus mar réamhchoinníoll d'eagrú na dtoghchán a bhí sceidealaithe don 27 Feabhra 2022.<br><br>Mar a d'fhógair Choguel Maïga, cuireadh na ANRanna siar roinnt uaireanta agus cuireadh moill ar na toghcháin. Rinne an t-iliomad páirtithe leasmhara na ANRanna, a tionóladh ar deireadh i mí na Nollag 2021, a bhaghcatáil. Ar bhonn mholtaí deiridh na ANRanna, thíolaic an Rialtas Idirthréimhseach amchlár nua lena bhforáiltear go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí na Nollag 2025, agus lena gceadaítear do na hÚdaráis Idirthréimhseacha fanacht i gcumhacht ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Mar thoradh ar amchlár athbhreithnithe a tíolacadh i mí an Mheithimh 2022, inar foráladh go reáchtálfar toghcháin uachtaránachta i mí an Mhárta 2024, d'fhógair an Rialtas Idirthréimhseach an 21 Meán Fómhair 2023 go gcuirfí na toghcháin siar arís.<br><br>Ghlac ECOWAS smachtbhannaí aonair i gcoinne na nÚdarás Idirthréimhseach (lena n-áirítear Ibrahim Ikassa Maïga) i mí na Samhna 2021, mar gheall ar an moill a chuir siad ar eagrú na dtoghchán agus ar chur i gcrích aistriú polaitiúil Mhailí. Chuir ECOWAS i dtreis gur bhain na hÚdaráis Idirthréimhseach úsáid as an ngá le hathchóirithe a chur chun feidhme mar chur i gcéill chun údar maith a thabhairt le síneadh a chur le haistriú polaitiúil Mhailí agus chun iad féin a choimeád i gcumhacht gan aon toghcháin dhaonlathacha. An 3 Iúil 2022, chinn ECOWAS na smachtbhannaí aonair sin a choinneáil.<br><br>Ina cháil mar an tAire um an Athbhunú, tá bac á chur ag Ibrahim Ikassa Maïga ar thabhairt chun críche rathúil aistriú polaitiúil Mhailí agus an bonn á bhaint aige den tabhairt chun críche sin, go háirithe trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil agus an chumhacht a aistriú chuig údaráis thofa agus tríd an mbonn a bhaint de sin. | 4.2.2022' |

(b) scriostar iontráil 5.